



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14005/25
ADD 3

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0321 (NLE)

ENER 527
ENV 1016
RELEX 1294
COWEB 118
COEST 749

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Deireadh Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 636 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú i gcomhréir le héabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 636 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 636 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.10.2025
COM(2025) 636 final

ANNEX 3

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun raon feidhme an Chonartha a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú i gcomhréir le héabhlóid dhlí comhshaoil an Aontais

IARSCRÍBHINN III

CINNEADH Uimh. 20xx/XX//MC-EnC

Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH

an xx xx 202x

maidir le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a leasú agus cur chun feidhme Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath, Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeán cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce agus Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce

CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH

Ag féachaint do Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 25, 79 agus 100, pointe (i), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach in Airteagal 2 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh ('an Conradh') feabhas a chur ar an staid chomhshaoil i ndáil Fuinneamh Eangach-Cheangailte agus éifeachtúlacht fuinnimh ghaolmhar sna Páirtithe Conarthacha mar cheann dá phríomhchuspóirí.
- (2) Le hAirteagal 12 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ceanglaítear ar gach Páirtí Conarthach an '*acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol a chur chun feidhme i gcomhréir leis an amchlár le haghaidh chur chun feidhme na mbeart sin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh.
- (3) In Airteagal 16 den Chonradh, liostaítear an *acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol a chumhdaítear leis an gConradh.
- (4) Foráiltear le hAirteagal 25 den Chonradh go bhféadfaidh an Chomhphobal Fuinnimh bearta a dhéanamh chun leasuithe ar an *acquis communautaire* a leagtar amach i dTeideal II a chur chun feidhme, i gcomhréir le héabhlóid dhlí an Aontais Eorpaigh.
- (5) Le hAirteagal 79 den Chonradh foráiltear go ndéanfaidh an Chomhairle Aireachta, an Buanghrúpa Ardleibhéil nó an Bord Rialála Bearta faoi Theideal II ar thogra ón gCoimisiún Eorpach. De bhun Airteagail 81 agus 82 den Chonradh, déanfar na bearta sin le tromlach na vótaí a chaitear, agus vóta amháin ag gach Páirtí Conarthach.
- (6) Foráiltear le hAirteagal 100 den Chonradh *inter alia* go ndéanfar cinntí maidir le leasuithe ar fhorálacha Theidil I go VII d'aon toil Chomhaltaí Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh.
- (7) Is gá dlús a chur le tionscadail fuinnimh in-athnuaite intíre sa Chomhphobal Fuinnimh mar gheall ar bhaint amach spriocanna 2030 na bPáirtithe Conarthacha maidir le

hastaióchtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1999¹.

- (8) D'fhéadfadh tionchar mór diúltach a bheith ag líon mór tionscadal agus gníomhaíochtaí a bhaineann le Fuinneamh Eangach-Cheangailte atá ann cheana, in-athnuaite agus neamh-inathnuaite, ar stádas na n-éiceachóras uisceach. Ina theannta sin, i gcomhthéacs ghlacadh intuartha an fhuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear hidreachumhacht, hidrigin agus mianadóireacht amhábhhar criticiúil chun críoch a bhaineann le fuinneamh, tá riosca méadaithe ann go ndéanfar damáiste do na héiceachórais sin sna Páirtithe Conarthacha.
- (9) Cé go bhfuil méid éagsúil tionscadal agus gníomhaíochtaí Fuinneamh Eangach-Cheangailte ag brath ar infhaighteacht uisce sa chainníocht agus sa cháilíocht cheart. Tá tionchar ag ganntanas uisce cheana féin ar tháirgeadh agus ar iontaofacht fuinnimh; d'fhéadfadh srianta breise amhras a chaitheamh ar inmharthanacht fhisiceach, eacnamaíoch agus chomhshaoil tionscadal agus oibríochtaí amach anseo.
- (10) I gcomhthéacs Chomhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe, chuir an tAontas i láthair an fhís atá aige sochaí dhomhanda atá athléimneach ó thaobh uisce de a bhaint amach faoi 2050, agus uisce ar fáil do chách. An 4 Meitheamh 2025, ghlac an tAontas Straitéis Athléimneachta Eorpach maidir le hUisce² chun an chonair a dhearadh i dreo an sprioc sin a bhaint amach.
- (11) Is gá aistriú fuinnimh cóir a áirithiú atá bunaithe ar acmhainní uisce a chosaint agus a fheabhsú, agus ar mheath ar stádas na n-éiceachóras uisceach a sheachaint.
- (12) Ní mór ullmhú agus formheas tionscadal a bhaineann le Fuinneamh Eangach-Cheangailte, chomh maith le gníomhaíochtaí leanúnacha, i gcomhthéacs an Chonartha, a bheith mar chuid de na hiarrachtaí foriomlána chun acmhainní uisce a chosaint agus a fheabhsú, agus ní mór na tionscadail sin a dhearadh chun aon tionchar diúltach ar stádas dobharlach a chosc nó, i gcás inar gá, a theorannú a mhéid is féidir.
- (13) Is é is cuspóir do Threoir 2000/60/CE³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle creat a bhunú chun uiscí dromchla intíre, uiscí trasdultacha, uiscí cósta agus screamhuisce a chosaint, lena n-áirítear trí (i) tuilleadh meatha a chosc agus stádas na n-éiceachóras uisceach a chosaint agus a fheabhsú, agus (ii) úsáid inbhuanaithe an uisce a chur chun cinn bunaithe ar chosaint fhadtéarmach na n-acmhainní uisce atá ar fáil.
- (14) Is gá do na Páirtithe Conarthacha a áirithiú go ndéanfar gach gníomhaíocht a bhaineann le Fuinneamh Eangach-Cheangailte a dhearadh agus a oibriú chun a áirithiú go gcomhlíonfar Treoir 2000/60/CE, agus go háirithe Airteagal 4 den Treoir sin, ina leagtar amach na príomhchuspóirí, lena mbunaítear go bhfuil na Ballstáit leis na bearta

¹ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1–77, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj>).

² COM(2025) 280 final Straitéis Athléimneachta Eorpach maidir le hUisce.

³ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj>).

is gá a chur chun feidhme chun meathlú ar stádas dobharlach a chosc agus bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh dea-stádas uisce a bhaint amach, gan dochar do shraith teorainneacha ama agus do dhíolúintí eile. Ag an gcéim reatha d'fhorbairt dhlí an Aontais, i gcás dobharlaigh screamhuisce, tugtar dea-stádas cainníochtúil agus ceimiceach le tuiscint, ach i gcás dobharlaigh dhromchla, teastaíonn dea-stádas éiceolaíoch nó acmhainneacht agus dea-stádas ceimiceach.

- (15) Chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadail atá ann cheana agus ag tionscadail nua a bhaineann le fuinneamh ar stádas na ndobharlach, is gá a bheith ar an eolas faoi stádas reatha na ndobharlach sin, ar bhonn faireachán rialta. Ós rud é gur próiseas leanúnach é an próiseas chun faireachán agus aicmiú a dhéanamh ar dhobharlaigh agus ós rud é go bhfuil tionchar ag tionscadail a bhaineann le fuinneamh ar go leor dobharlach cheana féin agus nach féidir na dobharlaigh uile a mbeidh tionchar ag tionscadail nua a bhaineann le fuinneamh orthu a shainaithint *a priori*, ba cheart do na Páirtithe Conarthacha faireachán agus aicmiú a dhéanamh ar gach dobharlach ar a gcóir.
- (16) Is éard atá i gceist le measúnú a dhéanamh ar stádas an uisce córas buan struchtúrtha chun faireachán a dhéanamh ar dhobharlaigh a chur i bhfeidhm, agus na suíomhanna faireacháin agus na heilimintí cáilíochta a bhfuil faireachán le déanamh orthu a roghnú ar bhonn réamh-mheasúnú ar gach brú agus tionchar. Cleachtadh cuimsitheach is ea an measúnú ar stádas na ndobharlach a bhféadfadh tionscadail a bhaineann le fuinneamh difear a dhéanamh dóibh, rud a bheadh neamhiomlán dá mbeadh sé teoranta do na brúnna agus na tionchair a eascraíonn as na tionscadail sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Páirtithe Conarthacha measúnú a dhéanamh ar bhrúnna agus ar thionchair na ngníomhaíochtaí uile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do stádas dobharlach.
- (17) Chun a áirithiú nach gcuirfidh tionscadail atá ann cheana agus tionscadail nua a bhaineann le fuinneamh araon meath ar stádas na ndobharlach nó nach ndéanfaidh siad difear dá n-acmhainneacht dea-stádas uisce a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2000/60/CE nó, i gcás nach féidir iad a sheachaint agus i gcás ina bhfuil údar iomchuí leis, a dtionchar diúltach a íoslaghú, ba cheart do Pháirtithe Conarthacha na bearta uile is gá a shainaithint chun dea-stádas a bhaint amach agus an teaghlaim is costéifeachtaí de bhearta a roghnú chun cuspóirí na Treorach sin a bhaint amach, lena n-áirítear bearta a dhéanann difear do ghníomhaíochtaí nach mbaineann le Fuinneamh Eangach-Cheangailte, ach a dhéanann difear do stádas na ndobharlach ar a n-imríonn tionscadail atá ann cheana a bhaineann le Fuinneamh Eangach-Cheangailte tionchar.
- (18) Ós rud é go mbraitheann dea-stádas na ndobharlach ar mheascán beart i ndáil leis na gníomhaíochtaí uile a bhfuil tionchar acu ar na dobharlaigh sin, agus ós rud é go n-idirghníomhaíonn na bearta sin go léir le chéile faoi chuimsiú an chuspóra dea-stádas a bhaint amach, ba cheart do na Páirtithe Conarthacha bearta a shainaithint i ndáil leis na gníomhaíochtaí uile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach mbaineann le fuinneamh, ionas gur féidir cinntí a dhéanamh ar bhonn an mheascáin is costéifeachtaí de bhearta chun dea-stádas a bhaint amach, rud a dhéanfaidh difear do na gníomhaíochtaí éagsúla laistigh den abhantrach céanna.
- (19) Dá bhrí sin, ba cheart do na Páirtithe Conarthacha anailísí a dhéanamh ar shaintréithe abhantraí agus ar thionchair ghníomhaíocht an duine chomh maith le hanailís eacnamaíoch ar úsáid uisce, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2000/60/CE. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar an bhforbairt ar stádas an uisce ar bhonn córasach agus inchomparáide ar fud an Chomhphobail Fuinnimh, i gcomhréir le hAirteagal 8 de

Threoir 2000/60/CE. Tá gá leis an bhfaisnéis sin chun bonn fóna a chur ar fáil do Pháirtithe Conarthacha chun cláir beart a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2000/60/CE, arb é is aidhm dóibh na cuspóirí a bhunaítear faoin Treoir sin a bhaint amach. Chun cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach Threoir 2000/60/CE a áirithiú, ba cheart do Pháirtithe Conarthacha pleananna bainistíochta abhantraí a bhunú agus na pleananna sin a thuairisciú don Rúnaíocht gach 6 bliana, i gcomhréir le hAirteagail 13, 14 agus 15 de Threoir 2000/60/CE. Ba cheart a leagan amach sna pleananna sin, ar bhonn stádas bunaithe gach dobharlaigh aonair, na bearta a chuirfear chun feidhme le linn an phlean bainistíochta abhantraí sé bliana chun dul i dtreo dea-stádas agus meathlú a sheachaint.

- (20) I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí Líonraí Eangach-Cheangailte ar stádas ceimiceach dobharlach, is gá na forálacha lena rialaítear dea-stádas ceimiceach screamhuisce agus uisce dromchla a chur i bhfeidhm, forálacha a leagtar amach faoi seach i dTreoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ agus i dTreoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵. Le Treoir 2006/118/CE bunaítear critéir chun measúnú a dhéanamh ar dhea-stádas ceimiceach screamhuisce, agus critéir chun treochtaí móra marthanacha aníos a shainaithint agus a aisiompú agus chun túsphointí le haghaidh cúluithe treochtaí a shainiú. Le Treoir 2008/105/CE, leagtar síos caighdeáin cáilíochta comhshaoil le haghaidh substaintí tosaíochta agus truailléain áirithe eile, caighdeáin nach mór a chomhlíonadh chun dea-stádas ceimiceach uisce dromchla a bhaint amach.
- (21) Comhlánaíonn Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún⁶ na Treoracha thuasluaite, lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce.
- (22) Baineann an Conradh le tionscadail atá ábhartha maidir le cur chun feidhme Threoir 2000/60/CE, a n-áiritheofaí go gcuirfí cosaint, feabhsú agus seachaint meatha ar stádas na n-éiceachóras uisceach san áireamh agus tionscadail Líonra a bhaineann le Fuinneamh á gceapadh agus á gcur chun feidhme, dá n-áireofaí é san '*acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol'.
- (23) Níor ionchorpraíodh Treoir 2000/60/CE, Treoir 2006/118/CE, Treoir 2008/105/CE agus Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún in '*acquis communautaire* maidir leis an gcomhshaol' an Chomhphobail Fuinnimh go fóill.
- (24) Is féidir leis an gcreat le haghaidh comhar réigiúnach arna bhunú ag an gComhphobal Fuinnimh agus leis an gcúnamh a chuireann a institiúidí agus a chomhlachtaí ar fáil a bheith ríthábhachtach chun cur chun feidhme rathúil Threoir 2000/60/CE a ullmhú.

⁴ Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2006/118/2014-07-11>).

⁵ Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/105/2013-09-13>).

⁶ Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce (IO L 201, 1.8.2009, lgh. 36–38, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/90/oj>).

- (25) Ceanglaítear le hAirteagal 94 den Chonradh ar institiúidí aon téarma nó coincheap eile a úsáidtear sa Chonradh agus a dhíorthaítear ó dhlí an Aontais a léirmhíniú i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- (26) Ag na cruinnithe a bhí ag an Tascfhórsa Comhshaoil an xxx agus an xxx, rinne sé anailís mhionsonraithe ar an togra agus mhol sé go nglacfaí é le roinnt oiriúnuithe a léirítear sa Chinneadh seo. Chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach na hoiriúnuithe.
- (27) Ag na cruinnithe a bhí ag an mBuanghrúpa Ardleibhéil an xxx agus xxx, d'fhorbair sé an Cinneadh seo agus mhol sé é a ghlacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Conradh an Chomhphobail Fuinnimh mar a leanas:

- (1) In Airteagal 16, cuirtear pointí (32) agus (33) seo a leanas isteach:

‘(XX) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.

(XX) Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath.

(XX) Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(XX) Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce.’;

- (2) In Iarscríbhinn II, cuirtear pointí [XX], [XX], [XX] agus [XX] seo a leanas isteach:

‘[XX]. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce a chur chun feidhme faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], gan dochar do ghealltanais a eascraíonn as próiseas aontachais an Aontais ná as oibleagáidí idirnáisiúnta eile.

[XX]. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath a chur chun feidhme faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], gan dochar do ghealltanais a eascraíonn as próiseas aontachais an Aontais ná as oibleagáidí idirnáisiúnta eile.

[XX]. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeán cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE agus 86/280/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], gan dochar do ghealltanais a eascraíonn as próiseas aontachais an Aontais ná as oibleagáidí idirnáisiúnta eile.

[XX]. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán ar stádas an uisce a chur chun feidhme faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], gan dochar do ghealltanais a eascraíonn as próiseas aontachais an Aontais ná as oibleagáidí idirnáisiúnta eile.’

Airteagal 2

1. Chun críocha Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, tuigfear na tagairtí seo a leanas ar fud na dTreoracha a liostaítear in Airteagal 1(1) mar a leanas:

- (a) ‘Ballstát’ agus ‘Ballstáit’ mar ‘Pháirtí Conarthach’ agus ‘Páirtithe Conarthacha’, faoi seach;
- (b) ‘Comhphobal’, ‘an tAontas Eorpach’ agus ‘an tAontas’ mar ‘Comhphobal Fuinnimh’;
- (c) ‘Reachtaíocht an Chomhphobail’ mar ‘reachtaíocht náisiúnta, lena n-áirítear reachtaíocht lena dtrasuitear an *acquis communautaire* a chumhdaítear le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh’;
- (d) ‘An Coimisiún’ mar ‘Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh’.

2. Chun críocha Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, tuigfear tagairtí ar fud na dTreoracha a liostaítear in Airteagal 1(1) do phíosaí eile de reachtaíocht an Aontais agus d’fhorálacha na reachtaíochta sin mar thagairtí do reachtaíocht náisiúnta ar an ábhar céanna leis an ábhar a chumhdaítear leis na píosaí sin de reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht lena dtrasuitear an *acquis communautaire* ábhartha a chumhdaítear le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh.

3. Beidh feidhm ag na hoiriúnuithe dá dtagraítear in Airteagail 3 go 6 i dteannta na n-oiriúnuithe dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 3

Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear na forálacha seo a leanas de Threoir 2000/60/CE agus na hoiriúnuithe seo a leanas iontu:

(1) Leasaítear Airteagal 3(7) agus(8) mar a leanas:

‘7. Sainaitheoidh na Páirtithe Conarthacha an t-údarás inniúil faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo].

8. Soláthróidh na Páirtithe Conarthacha liosta dá n-údaráis inniúla agus d'údaráis inniúla na gcomhlachtaí idirnáisiúnta uile ina bhfuil siad rannpháirteach do Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh ('an Rúnaíocht') faoin [5 bliana agus 6 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta glactha an Chinnidh seo]. I gcás gach údaráis inniúil, soláthrófar an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I.'

(2) Léifear an sprioc-am 'faoi 2010' a shocraíTMear in Airteagal 9(1) mar '[dhá bhliain déag tar éis dháta glactha an Chinnidh seo]'

(3) Léifear na sprioc-amanna a chomhairfear '[x] bliain/[x] bhliain/[x] bliana/[x] mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo' nó '[x] bliain/[x] bhliain/[x] bliana/[x] mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo' mar '[x + 2] bliain/[x + 2] bhliain/[x + 2] bliana/[x + 2] mbliana tar éis dháta glactha Chinneadh 202x/xx/MC-EnC' nó '[x + 2] bliain/[x + 2] bhliain/[x + 2] bliana/[x + 2] mbliana ó dháta glactha Chinneadh 202x/xx/MC-EnC', faoi seach.

(4) Chun críocha éiciréigiúin ábhartha a shainaithint, déanfar na héiciréigiúin a liostaítear i bpointí 1.2.3. agus 1.2.4. d'Iarscríbhinn II agus a chuirtear i láthair ar léarscáil B in Iarscríbhinn XI a chomhlánú leis an 'Muir Dhubh'.

(5) Léifear pointí 1.4.1.(vii), (viii) agus (ix) d'Iarscríbhinn V mar a leanas:

'(vii) Ullmhóidh an Rúnaíocht dréacht-chlár láithreán chun an líonra idirchalabraithe a fhoirmiú faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo]. Bunófar clár críochnaitheach na láithreán faoin [6 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo] agus foilseoidh an Rúnaíocht é.

(viii) Cuirfidh an Rúnaíocht agus na Páirtithe Conarthacha an cleachtadh idirchalabraithe i gcrích laistigh de 18 mí ón dáta a fhoilseofar an clár críochnaitheach.

(x) Foilseoidh an Rúnaíocht torthaí an chleachtaidh idirchalabraithe agus na luachanna arna mbunú le haghaidh aicmithe chóras faireacháin na bPáirtithe Conarthacha laistigh de 6 mhí ón gcleachtadh idirchalabraithe a chur i gcrích.'

(6) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 8(3) ná ag Airteagail 16 go 22, 24, 25 ná 26.

Airteagal 4

Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear na forálacha seo a leanas de Threoir 2006/118/CE agus na hoiriúnuithe seo a leanas iontu:

(1) Is iad an dá bhliain tar éis bhunú na gclár chun faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce a cuireadh chun feidhme faoi Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE a bheidh sna blianta tagartha a shonraítear in Airteagal 2(6).

(2) Léifear an sprioc-am 'faoi 22 Nollaig 2008' a shocraítear in Airteagal 3(5) mar '[10 mbliana déag tar éis dháta glactha an Chinnidh seo]'

(3) Léifear pointe 2(a)(ii) de Chuid A d'Iarscríbhinn IV mar a leanas:

'sainaithint treochtaí aníos den sórt sin a chumasú in am trátha chun gur féidir bearta a chur chun feidhme chun athruithe díobhálacha ar cháilíocht screamhuisce a chosc ar

athruithe móra ó thaobh an chomhshaoil de, nó iad a mhaolú a mhéid is féidir ar a laghad. Déanfar an tsainiú sin den chéad uair faoin [aon bhliain déag tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], agus gach 6 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin;’

(4) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(7) ná ag Airteagail 7 go 14.

Airteagal 5

Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, léifear na forálacha seo a leanas de Threoir 2008/105/CE agus na hoiriúnuithe seo a leanas iontu:

(1) Léifear Airteagal 5 mar a leanas:

‘1. Ar bhonn na faisnéise a bhailítear i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 8 de Threoir 2000/60/CE, agus sonraí eile atá ar fáil, bunóidh na Páirtithe Conarthacha fardal, lena n-áirítear léarscáileanna, más infhaighte, d’astaíochtaí, sceitheadh agus caillteanais na substaintí tosaíochta agus na dtruaileán uile a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo le haghaidh gach ceantar abhantraí nó cuid de cheantar abhantraí atá laistigh dá gcríoch, lena n-áirítear a dtiúchain i ndríodair agus i mbithra, de réir mar is iomchuí.

2. Is bliain amháin idir 2034 agus 2036 a bheidh sa tréimhse thagartha chun meastachán a dhéanamh ar luachanna truaileán atá le hiontráil sna fardail dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha na fardail arna mbunú de bhun mhír 1 den Airteagal seo, lena n-áirítear na tréimhsí tagartha faoi seach, in iúl don Rúnaíocht i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 15(1) de Threoir 2000/60/CE.

4. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha a bhfardail a thabhairt cothrom le dáta mar chuid de na hathbhreithnithe ar na hanailísí a shonraítear in Airteagal 5(2) de Threoir 2000/60/CE.

Is í an bhliain sula gcríochnófar an anailís sin an tréimhse thagartha chun luachanna a bhunú sna fardail arna dtabhairt cothrom le dáta.

Foilseoidh na Páirtithe Conarthacha na fardail arna dtabhairt cothrom le dáta ina bpleananna bainistíochta abhantraí arna dtabhairt cothrom le dáta mar a leagtar síos in Airteagal 13(7) de Threoir 2000/60/CE.’

(2) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(1a), Airteagal 3(7), (8a) ná ag Airteagail 7 go 15.

Airteagal 6

Chun críocha Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ní bheidh bheidh feidhm ag Airteagail 7, 8 ná 9 de Threoir 2009/90/CE.

Airteagal 7

1. Na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Treoracha 2000/60/CE, 2008/105/CE, 2006/118/CE agus 2009/90/CE a chomhlíonadh, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [5 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo],

gan dochar do ghealltanais a eascraíonn as próiseas aontachais an Aontais ná as oibleagáidí idirnáisiúnta eile. Cuirfidh siad an Rúnaíocht ar an eolas fúthu láithreach.

2. Nuair a ghlacfaidh na Páirtithe Conarthacha na bearta dá dtagraítear i mír 1, beidh tagairt iontu don Chinneadh seo agus don Treoir ábhartha a thrasuitear le gach beart, nó beidh tagairtí den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Páirtithe Conarthacha síos na bealaí chun tagairtí den sórt sin a dhéanamh.

3. Déanfaidh Páirtithe Conarthacha téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an gCinneadh seo agus leis na Treoracha dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 8

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an dáta a ghlacfaidh an Chomhairle Aireachta é.

Airteagal 9

Is chuig Páirtithe Conarthacha Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in [xxx], an [DÁTA]

*Thar ceann na Comhairle Aireachta
(Uachtarán)*